



An Bhruiséil, 10 Márta 2026  
(OR. en)

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2025/0389(NLE)

---

---

6317/26  
ADD 1

LIMITE

COEST 147

### GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: Dréacht-CHINNEADH Ó CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-POBLACHT NA MOLDÓIVE a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile, agus bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla tofa Phoblacht na Moldóive a fhorghuiniú

DRÉACHT

CINNEADH UIMH. .../2026

Ó CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-POBLACHT NA MOLDÓIVE

an ...

**a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste  
um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú  
faoin gComhaontú Comhlachais  
idir an tAontas Eorpach  
agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach  
agus a mBallstáit, de pháirt,  
agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile,  
agus bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin  
idir Coiste Eorpach na Réigiún  
agus údaráis áitiúla tofa Phoblacht na Moldóive a fhorhnuiniú**

TÁ COMHAIRLE COMHLACHAIS AE-POBLACHT NA MOLDÓIVE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile ('an Comhaontú'), agus go háirithe Airteagal 436 i gcomhar le hAirteagal 439 de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is colún bunúsach den phróiseas um méadú é an tAthchóiriú ar an Riarachán Poiblí, agus go mbeidh sé ríthábhachtach inniúlachtaí na n-institiúidí poiblí a threisiú chun go rachaidh Poblacht na Moldóive chun cinn ar chonair a lánpháirtithe san Aontas, agus go bhféadfadh idirphlé agus comhar idir na húdaráis áitiúla san Aontas agus iad siúd i bPoblacht na Moldóive a bheith ina rannchuidiú lárnach d'fhorbairt a gcaidreamh agus do lánpháirtíú Phoblacht na Moldóive san Aontas,
- (2) Léirítear le bunú Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí céim thábhachtach chun tosaigh i dtreisiú an chaidrimh idir an tAontas agus Poblacht na Moldóive agus i bhfeabhsú a n-idirphlé beartais sa réimse ríthábhachtach seo, agus go dtreiseofaí an t-idirphlé díreach eatarthu trí bhunú Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla tofa Phoblacht na Moldóive ('an Comhchoiste Comhairliúcháin') a fhorghuiniú,

- (3) Ba cheart an Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí bheith ina ardán d'idirphlé beartais straitéiseach agus ba cheart dó plé a éascú agus comhordú maidir le príomh-athchóirithe i réimse an riaracháin phoiblí agus go mbeidh ról lárnach aige san fhaireachán a dhéanfar ar chur chun feidhme an treoicláir um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí agus i dtreoraíocht a thabhairt chun ailíniú le caighdeáin agus le dea-chleachtais an Aontais a áirithiú. Bheadh an Comhchoiste Comhairliúcháin ina ardán chun dea-chleachtais an Aontais a roinnt maidir le rialachas áitiúil agus réigiúnach agus le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais ar an leibhéal críochach, agus dá bhrí sin go soláthrófaí foirm chobhsaí chomhsheasmhach chomhair le húdaráis áitiúla na Moldóive agus go dtabharfaí deis dóibh ról gníomhach a bheith acu trí chomhcheannas a bheith acu ar an gComhchoiste Comhairliúcháin agus trína chlár oibre a chomhchinneadh, agus trí mholtaí a eisiúint.
- (4) De bhun Airteagail 436 den Chomhaontú, tá sé de chumhacht ag an gComhairle Comhlachais cinntí a dhéanamh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.
- (5) De bhun Airteagail 439(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais a chinneadh aon choiste nó comhlacht speisialta a chur ar bun i réimsí ar leith atá riachtanach chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme agus cinnfidh sí comhdhéanamh, dualgais agus feidhmiú na gcomhlachtaí sin.
- (6) Chun deis a thabhairt don phlé ar leibhéal na saineolaithe maidir leis na príomhréimsí a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe, ba cheart an Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí agus an Comhchoiste Comhairliúcháin a bhunú,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

## *Airteagal 1*

### *An Fochóiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí*

1. Bunaítear leis seo Fochóiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí.
2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Rialacha Nós Imeachta an Choiste Comhlachais agus na bhFochóistí, a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2014 an 16 Nollaig 2014 ó Chomhairle Comhlachais AE-Poblacht na Moldóive, maidir leis an bhFochóiste um Athchóiriú an Riaracháin Phoiblí.
3. Féadfar raon feidhme an Fochóiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a athrú trí chomhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe.

## *Airteagal 2*

### *An Comhchoiste Comhairliúcháin*

1. Leis seo, déantar bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin, ina mbeidh líon comhionann ionadaithe ó Choiste na Réigiún, de pháirt, agus ionadaithe tofa d'údaráis áitiúla Phoblacht na Moldóive, den pháirt eile, a fhorhúiniú.
2. Déanfaidh Comhchoiste Comhairliúcháin Phoblacht na Moldóive a ghníomhaíochtaí, ar a thionscnamh féin, d'fhonn idirphlé a chur chun cinn agus comhar idir na húdaráis áitiúla a chothú.
3. Glacfaidh an Comhchoiste Comhairliúcháin a Rialacha Nós Imeachta féin.

4. Féadfaidh an Comhchoiste Comhairliúcháin moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle Comhlachais.
5. Is iad Coiste Eorpach na Réigiún agus Rialtas Phoblacht na Moldóive a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le cruinnithe an Chomhchoiste Comhairliúcháin, lena n-áirítear eagrúchán eagraíochta, rannpháirtíocht óna dtoscairí agus óna bhfoireann tacaíochta, chomh maith le costais taistil agus chothaithe.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

*Thar ceann na Comhairle Comhlachais  
An Cathaoirleach*